Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6279/21**

**COHOM 29**
**CFSP/PESC 136**
**COPS 58**
**COASI 21**
**COEST 42**
**COAFR 49**
**COLAC 17**
**MAMA 20**
**MOG 14**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Feabhra 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Treoirlínte Athbhreithnithe an Aontais i ndáil le hIdirphléití maidir le Cearta an Duine le Tíortha Comhpháirtíochta/Tríú Tíortha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Treoirlínte Athbhreithnithe an Aontais i ndáil le hIdirphléití maidir le Cearta an Duine le Tíortha Comhpháirtíochta/Tríú Tíortha a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3785ú cruinniú a bhí aici, an 22 Feabhra 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## TREOIRLÍNTE ATHBHREITHNITHE AN AONTAIS I NDÁIL LE HIDIRPHLÉITÍ MAIDIR LE CEARTA AN DUINE LE TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA/TRÍÚ TÍORTHA

### 1. Réamhrá

Ní hamháin gur ceann de luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh iad cearta an duine, ach tá siad ar cheann de phríomhchuspóirí a ghníomhaíochta seachtraí freisin. Tá idirphléití maidir le cearta an duine ar cheann de na príomh-mhodhanna chun beartas seachtrach an Aontais um chearta an duine a chur chun feidhme i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nua maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-24). Chun cearta an duine a chur i gcorplár a ghníomhaíochta, tá réimse leathan ionstraimí dlí agus beartais forbartha ag an Aontas, lena n-áirítear Treoirlínte i ndáil le hIdirphléití maidir le Cearta an Duine.

Glacadh Treoirlínte an Aontais i ndáil le hIdirphléití maidir le Cearta an Duine le tríú tíortha i mí na Nollag 2001 (arna n-athbhreithniú go deireanach i mí Eanáir 2009).

Tráth a bhfuil cearta an duine á n-ionsaí ar fud an domhain, tá sé níos tábhachtaí ná riamh idirphléití maidir le cearta an duine a shaothrú agus, ag an am céanna, dlús a chur leis na hidirphléití sin chun a dtionchar a uasmhéadú.

Tá sé in am anois na treoirlínte sin a athnuachan d'fhonn go mbeidh idirphléití maidir le cearta an duine ina n-uirlis rannpháirtíochta níos éifeachtaí, agus ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar a n-**ábharthacht pholaitiúil**. Is tosaíocht chomhpháirteach é sin ag na Ballstáit, lena n-áirítear ag Ionadaí Speisialta an Aontais um Chearta an Duine a rinne cathaoirleacht ar roinnt idirphléití le príomh-chomhpháirtithe agus a scrúdaigh an bhféadfaí rannpháirtíocht nua a chothú tríd an idirphlé.

## 2. An Staid Reatha

Thar na blianta, tá idirphléití maidir le cearta an duine bunaithe ag an Aontas le **níos mó agus níos mó tíortha.** Is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), a stiúrann, thar ceann an Ardionadaí, na hidirphléití/comhairliúcháin CFSP maidir le cearta an duine agus na fochoistí sin atá bunaithe ar chomhaontú chomh maith. Tá feabhas curtha ag SEGS ar fhormáid agus reáchtáil na n-idirphléití agus comhchuibhiú déanta orthu. Bhí rannpháirtíocht thoscaireachtaí an Aontais agus sheirbhísí an Choimisiúin sna hidirphléití ríthábhachtach. Ar an gcuma chéanna, tá sé ríthábhachtach go leanfar de na hidirphléití a choimeád faoi úinéireacht na mBallstát.

Faoi láthair tá thart ar 60 idirphlé agus comhairliúchán maidir le cearta an duine ann le tíortha comhpháirtíochta, agus le grúpaí réigiúnacha. Táthar tar éis idirphléití nua a bhunú le déanaí nó táthar ar tí iad a bhunú. Tá roinnt idirphléití (leis An Rúis agus le hIosrael mar shampla) ina lánstad faoi láthair.

**Tá cineálacha éagsúla idirphléití ann**. Tá idirphléití ann atá bunaithe ar chonarthaí agus comhaontuithe réigiúnacha nó déthaobhacha agus tá idirphléití neamhfhoirmiúla agus foirmiúla ann (i.e. idirphléití le téamaí tagartha comhaontaithe). Déanann toscaireachtaí an Aontais roinnt idirphléití a thionól go háitiúil, na hidirphléití leis an tSile agus leis an Airgintín mar shampla. Thairis sin, tá fochoistí nó grúpaí ar leith ann a dhéileálann le cearta an duine, lena n-áirítear le Maracó, leis an Túinéis, an Liobáin, an Iordáin, an Éigipt agus an Iaráic, i gcomhthéacs comhaontuithe éagsúla comhair nó comhlachais le tíortha comhpháirtíochta. Ina theannta sin, tá módúlachtaí sonracha, mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Chomhaontú Cotonou agus san airteagal comhfhreagrach den Chomhaontú Comhpháirtíochta nua a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou, maidir le hidirphléití le tíortha ACC, lena gcumhdaítear go háirithe saincheisteanna maidir le cearta an duine. Ina theannta sin, bíonn comhairliúcháin ann le tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu nó i gcomhthéacs caidreamh speisialta amhail leis na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSeapáin agus na tíortha is iarrthóirí. Tá go leor comóntachtaí idir na cineálacha éagsúla idirphlé sin. Ní thugann sé sin le fios, áfach, gur ann do shocruithe a oireann do chách. Mar shampla, leanann na comhairliúcháin le tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu patrún difriúil ós rud é go ndírítear go príomha ar shaincheisteanna a bhaineann leis an leas frithpháirteach agus leis an gcomhar sna fóraim iltaobhacha.

Chomh maith le hidirphléití ar leibhéal an Aontais, bíonn idirphléití ar an leibhéal náisiúnta ar siúl ag roinnt Ballstát le tríú tíortha éagsúla.

3. **Cuspóirí na nIdirphléití maidir le Cearta an Duine**

Tá idirphléití maidir le cearta an duine **fite fuaite leis an gcaidreamh polaitiúil foriomlán** leis na tíortha. Cé go bhfuil gach tír/réigiún éagsúil agus go mbainfidh na saincheisteanna go sonrach leis an tír/réigiún sin, is príomhbhealach é an t-idirphlé chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a chur chun feidhme agus ba cheart, dá bhrí sin, go léireofaí ann a thosaíochtaí agus a chur chuige. Dá bhrí sin, ba cheart na hidirphléití a nascadh leis na straitéisí tíre maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas.

Níor cheart gach plé déthaobhach maidir le cearta an duine a theorannú do na hidirphléití sin. Ná níor cheart gurbh iad an t-aon ardán eisiach amháin chun aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus nach mbeadh cineálacha eile rannpháirtíochta déthaobhaí maidir le ceart an duine ag an Aontas. Ba cheart féachaint ar an idirphlé mar phríomhghné de rannpháirtíocht mharthanach an Aontais maidir le cearta an duine agus ba cheart iarracht a dhéanamh tríd an idirphlé breisluach a chur leis an obair a dhéantar ar an talamh agus sna fóraim dhéthaobhacha chomh maith. Is cuid amháin iad idirphléití maidir le ceart an duine den rannpháirtíocht fhoriomlán i leith chearta an duine leis an tír.

Ag an am céanna, ní mór go ndéanfaí na hidirphléití maidir le cearta an duine **a úsáid go héifeachtach i gcomhar agus i sineirge le hionstraimí eile** (idirphléití polaitiúla, taidhleoireacht phoiblí, démarches, cláir agus tionscadail chomhair, tacaíocht don tsochaí shibhialta, faireachán ar thoghcháin) chun tosaíochtaí agus cuspóirí an Aontais maidir le cearta an duine a chur chun cinn. Ba léir go háirithe i gcás Scéim GSP+ an tacaíocht fhrithpháirteach dá chéile ag na hidirphléití maidir le cearta an duine agus cuspóirí beartais eile, ós rud é go bhfeidhmíonn na hidirphléití mar chatalaíoch chun spéis na tíre comhpháirtíochta a athnuachan i ndáil le pléití fóinteacha struchtúraithe leis an Aontas Eorpach maidir le cearta an duine agus tugann na cuspóirí beartais ardán láidir chun cuspóirí a bhaineann le GSP+ a phlé.

Is é is aidhm do rannpháirtíocht an Aontais maidir le cearta an duine **comhar nithiúil agus spriocanna insoláthartha** a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh na hidirphléití sin dírithe ar thorthaí agus go gcoimeádfaí 'beo' iad idir seisiúin. Is féidir cuspóirí éagsúla a bheith ag na idirphléití. I gcásanna achrannacha, is é an chéad chuspóir tábhachtach é ábhair imní an Aontais faoi staid chearta an duine a chur ar taifead i gcaidreamh casta déthaobhach. Mar sin féin, tá sé d'aidhm ag rannpháirtíocht an Aontais maidir le cearta an duine ní hamháin go ndéanfaí tuairimí éagsúla a mhalartú ach go gcuirfí feabhas freisin ar an gcomhar agus go ndéanfaí spriocanna straitéiseacha a shaothrú mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta nua an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas.

Dá bhrí sin, tá **ardán íosta** de dhíth le haghaidh rannpháirtíocht fhrithpháirteach. Is príomhchritéar i gcónaí é go mbeadh tríú tír toilteanach feabhas a chur ar a staid maidir le cearta an duine agus a bheith rannpháirteach go hoscailte agus go trédhearcach leis an Aontas maidir le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine. Ba cheart leanúint de mhalartú a dhéanamh maidir le cearta an duine nuair is indéanta, d'ainneoin an mheathlaithe ar staid chearta an duine i dtír chomhpháirtíochta.

Príomhchuspóir amháin is ea **an leas is fearr is féidir a bhaint as na naisc idir rannpháirtíocht dhéthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach an Aontais**. I gcomhthéacs atá ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí, tá an tAontas tar éis an comhar trasréigiúnach a ghlacadh ar láimh agus a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha um chearta an duine. Dá bhrí sin, is tosaíocht i gcónaí é go ndéanfaí an nasc a neartú idir na hidirphléití maidir le cearta an duine agus gníomhaíocht iltaobhach an Aontais. I dtéarmaí nithiúla, ciallaíonn sé sin, mar shampla, feabhas a chur ar na naisc idir ionchur ó phróisis um chearta an duine na Náisiún Aontaithe agus na hidirphléití. I gcásanna áirithe, cabhraíonn idirphléití maidir le cearta an duine chun sainriachtanais na tíre a shainaithint, mar aon leis an mbealach is fearr is féidir leis an Aontas cabhrú agus tacú leis an dul chun cinn.

Ina theannta sin, le hidirphléití maidir le cearta an duine is féidir fadhbanna ar dócha go dtiocfaidh coinbhleacht astu a shainaithint go luath, agus, ar an gcaoi sin, tacú go gníomhach le coinbhleachtaí a chosc.

Is **fíormhalartuithe idir piaraí** iad idirphléití a bhfuil sé d'aidhm acu rannpháirtíocht a chothú le tíortha comhpháirtíochta agus tríú tíortha chomh maith le dea-chleachtais a roinnt. Caithfidh an tAontas leanúint de bheith freagrúil maidir le hiarrataí ó thíortha comhpháirtíochta ar shaincheisteanna inmheánacha an Aontais a áireamh, treocht atá tar éis teacht chun cinn a bheag nó a mhór i gcás roinnt idirphléití. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an tAontas **comhleanúnach** maidir le cur chun cinn inmheánach agus seachtrach chearta an duine.

Ba cheart an t-idirphlé a bheith ina fhíormhalartú tuairimí idir an tAontas agus an tríú tír nó eagraíocht réigiúnach, agus raon feidhme agus giaráil an idirphlé sin a bheith curtha in oiriúint do theist na tíre maidir le cearta an duine. Cé gur ionstraim sheachtrach iad na hidirphléití, is ábhar spéise í staid chearta an duine laistigh den Aontas, faoi mar is ábhar spéise é an malartú dea-chleachtais, agus tá sé tábhachtach taithí inmheánach an Aontais a chur in iúl maidir leis na saincheisteanna lena mbaineann, go háirithe na dúshláin agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Bhí rannpháirtíocht sheirbhísí an Choimisiúin agus ghníomhaireachtaí speisialaithe an Aontais ríthábhachtach i roinnt idirphléití chun dúshláin agus beartais an Aontais a mhíniú.

## 4. Idirphlé maidir le cearta an duine a bhunú

Táthar tar éis idirphléití nua a bhunú le déanaí nó táthar ar tí iad a bhunú.

Sula mbunaítear idirphlé nua déanann SEGS **measúnú** ar dtús. Ba cheart breisluach soiléir a bheith léirithe. Ar na critéir threoracha tá: a mhéid atá an rialtas toilteanach feabhas a chur ar an staid mar atá agus leibhéal na ngealltanas a chuir an rialtas in iúl i ndáil le gnáis idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus a thoilteanaí atá sé comhoibriú le sásraí de chuid na Náisiún Aontaithe, a dhearcadh i leith na sochaí sibhialta agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tír chomhpháirtíochta. Bunófar an measúnú, *inter alia*, ar na foinsí seo a leanas: tuarascálacha ó thoscaireachtaí de chuid an Aontais, ó chinn mhisin, ó na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí eile idirnáisiúnta nó réigiúnacha, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tar éis sin, cuirfidh SEGS an measúnú uaidh faoi bhráid mheitheal gheografach ábhartha na Comhairle, ag a mbeidh oll-léargas ar chaidreamh an Aontais leis an tríú tír lena mbaineann, i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Chearta an Duine (COHOM). Ag an bpointe sin, pléifidh an Chomhairle cé acu a thionscnófar nó nach dtionscnófar an t-idirphlé maidir le cearta an duine agus glacfaidh sí seasamh maidir le gnéithe eile amhail **raon feidhme an idirphlé mar a leagtar amach é i dtéarmaí tagartha mionsonraithe arna gcomhaontú go frithpháirteach leis an tír chomhpháirtíochta.**

Is í an Chomhairle a fhormheasann na téarmaí tagartha le haghaidh idirphléití nua maidir le cearta an duine.

Féadfar réamhchainteanna a thionól sula seoltar an t-idirphlé maidir le cearta an duine leis an tír lena mbaineann. Leis na cainteanna sin tugtar deis na prionsabail is bonn le gníomhaíocht an Aontais a mhíniú, chomh maith leis na haidhmeanna a bhí ag an Aontas nuair a mhol sé idirphlé maidir le cearta an duine. Is iomaí uair go dtí seo ba chéim sa treo cheart na pléití neamhfhoirmiúla maidir le cearta an duine, inar cothaíodh muinín le himeacht ama agus lena rabhthas in ann bogadh ar aghaidh chuig idirphlé maidir le cearta an duine níos foirmiúla (i.e. plé dá raibh na téarmaí tagartha comhaontaithe). Is léir go mbeartaítear gur ar bhonn sealadach a dhéantar an plé neamhfhoirmiúil sin agus i ndeireadh na dála go mbítear ag súil go dtabharfar faoi idirphléití maidir le cearta an duine de réir rialacha bunaithe mar a leagtar amach sna téarmaí tagartha iad. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go rachfar ó phlé neamhfhoirmiúil go hidirphlé foirmiúil laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Is cuma idirphlé maidir le cearta an duine a bheith nó gan a bheith ar bun le tír chomhpháirtíochta, ní choiscfear ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar staid chearta an duine sa tríú tír sin i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine.

## 5. Teagmháil leis an tSochaí Shibhialta

Is gné ríthábhachtach den idirphlé na comhairliúcháin le gníomhaithe na sochaí sibhialta (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cosantóirí chearta an duine). Féadann gníomhaithe na sochaí sibhialta léargas soiléir a thabhairt ar staid chearta an duine ina dtír féin agus ar chásanna aonair a d'fhéadfadh a bheith ann agus féadann siad saineolas teicniúil a sholáthar ar ábhair shonracha fosta. Ba cheart na comhairliúcháin sin a reáchtáil i bhfad roimh an idirphlé chun cur leis an gclár oibre agus ba cheart seisiún faisnéise a bheith ann mar ghnáthchleachtas ag deireadh na gcomhairliúchán. I gcás ina mbeadh an t-idirphlé ar siúl sa Bhruiséil, d'fhéadfaí ionad oiliúna fíorúil réamhullmhúcháin a bheartú lena dtarraingeofaí le chéile gníomhaithe áitiúla na sochaí sibhialta; bhí rath ar a leithéid roimhe seo.

Is fearr a bhíonn an cur chun feidhme san eatramh idir idirphléití má bhíonn an tsochaí shibhialta rannpháirteach.

Is uirlis chumhachtach iad **seimineáir don tsochaí shibhialta**, a bhfuil maoiniú ar fáil ón Aontas ina leith, i gcás ina n-eagraítear iad sin agus idirphléití maidir le cearta an duine ceann i ndiaidh a chéile, chun teagmháil a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta ón tír/eagraíocht agus chun an tsochaí sin a rannpháirtiú sa phlé ar chearta an duine le húdaráis na dtíortha comhpháirtíochta nó leis an eagraíocht réigiúnach. Moltaí nithiúla a eascraíonn as na seimineáir don tsochaí sibhialta, dhéanfaí iad a phlé le comhchathaoirligh an idirphlé agus lena dtoscaireachtaí ar imeall nó le linn seisiún tiomnaithe den idirphlé maidir le cearta an duine.

Ba cheart seisiún faisnéise a reáchtáil le haghaidh na sochaí sibhialta tar éis na n-idirphléití.

I gcás ina gcuirfeadh rialtais bac ar rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sna idirphléití, ba cheart saincheist na mbeart díoltais a lua go neamhbhalbh leis an rialtas sin i gcomhthéacs an idirphlé.

## 6. Modúlachtaí

Is iad an tsolúbthacht fhoriomlán agus an pragmatachas na focail is tábhachtaí i gcomhthéacs mhodúlachtaí na n-idirphléití maidir le cearta an duine. Ba cheart leanúint leis na **seisiúin bhliantúla** mar chuid den chleachtas caighdeánach. Ba cheart díriú ar fhuinneamh agus acmhainní a infheistiú sna gníomhaíochtaí leantacha a dhéantar idir dhá sheisiún den idirphlé. Leantar den phrionsabal gur ceart **an láthair a mhalartú** idir an Bhruiséil agus an tríú tír gach ré seach. Nuair nach féadtar teacht le chéile go fisiceach, féadtar an t-idirphlé a reáchtáil trí ionad oiliúna fíorúil. Ba cheart a áirithiú go mbeadh go leor ama san idirphlé chun na saincheisteanna uile a phlé.

Trí mheitheal gheografach ábhartha na Comhairle, coinneoidh SEGS na Ballstáit ar an eolas maidir leis an **dréachtchlár** agus iarrfar a gcuid tuairimí de réir mar is iomchuí. Beidh COHOM comhlachaithe le hobair mheithleacha geografacha na Comhairle.

Ba cheart na cláir oibre le haghaidh idirphléití a shainiú ar bhealach arna gcomhaontú go frithpháirteach leis an tír chomhpháirtíochta. Tá sé tábhachtach go léireofaí tosaíochtaí an dá thaobh go cothrom sna cláir oibre sin. Maidir leis an tsubstaint, díreofar sa chlár oibre ar a bhfuil ag tarlú i dtaca le cearta an duine ar an dá thaobh, topaicí ar leith a roghnófar in éineacht le gach comhpháirtí de réir an cháis, le haghaidh plé domhain agus rannpháirtíocht iltaobhach. Is iad na tosaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a bheidh mar threoir ag na pléití sin. Mar chuid de na hidirphléití, ba cheart go leanfaí d'ionstraimí idirnáisiúnta i ndáil le cearta an duine agus cearta bunúsacha saothair a dhaingniú agus a chomhlíonadh agus go leanfaí den chomhar leis na Náisiúin Aontaithe (i.e. HRC, Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, UPR agus nósanna imeachta speisialta na Náisiún Aontaithe). Féadfar aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna a bhaineann leis an dea-rialachas agus leis an smacht reatha. I gcás inarb ábhartha, féadtar aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ba cheart cásanna aonair a lua le linn (e.g. chun mír ar an gclár oibre a léiriú) agus/nó ar imeall (tarchur liosta) an idirphlé.

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, cuirfear príomhshruthú inscne i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh na hidirphléití freagrúil ó thaobh inscne de.

I gcomhréir le Conradh Liospóin agus le ról Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Airt. 27(2) CAE), is é SEGS a stiúrann an t-idirphlé. Déanfar ionadaíocht ar SEGS ar an leibhéal iomchuí. Agus Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine mar chathaoirleach, léirítear rannpháirtíocht pholaitiúil agus fuinneamh an Aontais. Ba cheart an leibhéal rannpháirtíochta céanna a bheith ag an taobh eile.

Is den riachtanas go mbeadh toscaireacht an Aontais go gníomhach rannpháirteach ar leibhéal sinsearach sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear nuair a bhíonn an t-idirphlé ar siúl sa Bhruiséil. Tugtar cuireadh do sheirbhísí an Choimisiúin a bheith rannpháirteach. An teagmháil a bhí ann roimhe seo le gníomhaireachtaí speisialaithe de chuid an Aontais agus go háirithe leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, bhí sí ríthábhachtach i roinnt idirphléití chun dúshláin agus beartais an Aontais a mhíniú agus moltar leanúint den teagmháil sin.

Bunaithe ar an gcleachtas seanbhunaithe, tugtar cuireadh d'ionadaithe na mBallstát páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí.

Mar aon leis an aireacht gnóthaí eachtracha, bheifí ag súil de ghnáth gurb iad na haireachtaí ábhartha agus na ranna riaracháin lena mbaineann an clár oibre a bheadh páirteach i dtoscaireacht an tríú tír san idirphlé maidir le cearta an duine (mar shampla, na haireachtaí dlí agus cirt, gnóthaí baile, saothair agus sóisialta). Lena chois sin, bíonn na haireachtaí ábhartha freagrach as an obair leantach agus is iad is mó a bhaineann tairbhe as dea-chleachtais a mhalartú. Moltar gur maith an rud institiúid náisiúnta um chearta an duine na tíre a bheith i láthair freisin.

Sa chás gur sa tír chomhpháirtíochta a tharlaíonn an t-idirphlé, ba cheart gur den ghnáthchleachtas é go ndéanfaí **cuairteanna ar an láthair** (e.g. chuig saoráidí coinneála, campaí dídeanaithe, etc.) a bhaineann le míreanna de chlár oibre an idirphlé, chomh maith le cuairteanna chuig tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus go mbeadh cruinnithe ann le hinstitiúidí/comhlachtaí a bhaineann le cearta an duine. Ar an gcaoi chéanna, reáchtáiltear cuairteanna áitiúla freisin nuair a bhíonn na hidirphléití ar siúl sa Bhruiséil.

## 7. Torthaí agus obair leantach

I gcás inar féidir, déantar preaseisiúint chomhpháirteach a ullmhú ina sainítear réimsí comhair agus obair leantach a eascraíonn as an idirphlé maidir le cearta an duine. I gcás nach mian leis an tír chomhpháirtíochta preaseisiúint chomhpháirteach a chur amach nó gur deacair teacht ar aon fhocal maidir le téacs, féadfar preaseisiúint ón Aontas a chur amach agus an pobal a chur ar an eolas ar an dóigh sin.

Ní mór seisiúin deiridh faisnéise ó bhéal a dhéanamh go háitiúil le hambasáidí na mBallstát agus le meithleacha geografacha na Comhairle, de réir mar is iomchuí. Cuirtear tuarascáil i scríbhinn chuig meitheal gheografach ábhartha na Comhairle agus chuig COHOM de réir mar is iomchuí. Le linn na bliana, gheobhaidh COHOM nuashonruithe tráthrialta i ndáil leis na hidirphléití, lena n-áirítear faoi threochtaí nua agus príomhthorthaí. Ina theannta sin, measfaidh meitheal gheografach ábhartha na Comhairle i gcomhar le COHOM an dul chun cinn a dhéantar sna hidirphléití de réir mar is gá. Malartóidh na Ballstáit faisnéis go rialta, freisin, faoi idirphléití déthaobhacha maidir le cearta an duine de réir mar is iomchuí d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú idir na hidirphléití déthaobhacha maidir le cearta an duine agus idirphléití an Aontais maidir le cearta an duine.

Is toradh tábhachtach ann féin é muinín agus féinmhuinín a chothú agus teagmháil a dhéanamh le tríú tíortha maidir le saincheisteanna chearta an duine atá leochaileach íogair dár leosan. Mar sin féin, i gcás roinnt tíortha, de bhreis ar an gcumarsáid chomhpháirteach maidir leis an idirphlé, d'fhéadfaí **treochlár oibríochtúil** a mholadh don tríú tír sin i ndáil leis an obair leantach chun cuidiú le hobair na Toscaireachta sin sna míonna tar éis na n-idirphléití. Tá sé tábhachtach na hidirphléití a choinneáil 'beo' sna tréimhsí idir na seisiúin. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí faireachán ar an dul chun cinn idir na hidirphléití. Ba cheart féachaint freisin ar fiú d'Ionadaí Speisialta an Aontais dul ar chuairt dhéthaobhach lárthéarma nó comhairliúchán fíorúil a dhéanamh lena chontrapháirtithe ón idirphlé, d'fhonn fócas agus móiminteam a choinneáil go dtí an chéad idirphlé eile.

Mar thoradh ar an idirphlé maidir le cearta an duine, féadtar cineálacha éagsúla comhair a dhéanamh, mar shampla: cúnamh teicniúil/malartú taithí le Ballstáit, maoiniú tionscnamh/clár le haghaidh na téamaí a pléadh san idirphlé, comhar sna fóraim iltaobhacha, dearbhú comhpháirteach maidir le saincheisteanna téamacha, imeachtaí/comhdhálacha/ceardlanna agus tuilleadh comhairliúcháin dhéthaobhacha mar obair leantach. Ní ar an toirt a bhíonn torthaí na n-idirphléití le feiceáil ná ní gá gur intomhaiste infheicthe iad i gcónaí ach oiread. Sin is cúis le cuid den cháineadh maidir lena úsáidí a bhíonn siad, cáineadh a thagann ón tsochaí shibhialta den chuid is mó. Ní mór, dá bhrí sin, torthaí oibríochtúla a shainiú go réamhghníomhach agus sásraí a leagan síos don obair leantach.